

CAIBIDIL 7

TITHÍOCHT DO CHÁCH





- 7.0 Tithíocht do Chách**
- 7.1 Réamhrá**
- 7.2 An Straitéis Tithíochta agus Measúnú ar Riachtanas agus Éileamh (HNDA)**
- 7.3 Polasaithe Tithíochta**
- 7.4 Daoine gan Dídean**
- 7.5 Lucht Míchumais**
- 7.6 Roghanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta**
- 7.7 An Pobal Lucht Siúil i gCiarraí**
- 7.8 Imeascadh sa Phobal do na Dídeanaithe**
- 7.9 Talamh ar fáil don bhForbairt Chónaithe**
- 7.10 Plé le Tithe Folmha**

7.0 Tithíocht do Chách

7.1 Réamhrá

Tógtar an Caibidil seo ar na polasaithe atá sna Caibidil roimhe a leag amach an Creat don Chontae agus go háirithe Polasaí iomlán Lonnaíochta don Chontae. Tugtar aird faoi leith ar na cuspóirí atá i **Tithíocht do Chách – Plean Nua Tithíochta d’Éirinn**.

I gCaibidil 3 Bunaítear an bunáíodh straitéis fás agus lonnaíochta don Chontae, san áireamh bhí teoríic agus láthair forbraíochta go ceann tréimhse an Phlean.

I gCaibidil 4 Tógtar ar an straitéis lárnach tógadh ar an straitéis lárnach mar phrionsabail fhorbraíochta a bhunú i mbailte agus sráidbhailte an Chontae trí fhís an NPF agus RSES a chomhlánú maidir le fás dlúth. San áireamh bhí athghiniúint lár bailte is sráidbhailte agus athúsáid do shuímh athfhorbraíochta, folmha agus tréigthe.

I gCaibidil 5 díróidh ar Thithíocht na Tuaithe agus pobail tuaithe a neartú trí athghiniúint bailte agus sráidbhailte tuaithe chomh maith le polasaithe do riachtanais speisialta na bpobal i gceantair tuaithe.

I gCaibidil 6 Dírítear ar díróidh ar phobal sláintiúil, inmharthana agus imeasctha a bhunú trí bhonneagar pobail agus sóisialta, tithíocht oiriúnach agus polasaí leathan um imeascadh sóisialta ar feadh réimse earnála.

Tá an mhír seo ag plé le Polasaí Tithíochta bunaithe ar an ngá tithíochta a aithnítear san Measúnú ar Éileamh Gá Tithíochta agus an Straitéis Tithíochta do Chiarraí in Imleabhar 6 den phlean seo.

Tithíocht do Chách – Plean Nua Tithíochta d’Éirinn

Tá an Rialtas tiomanta don phlé le córas tithíochta an stáit trín bPlean Tithíocht do Chách. Is í aidhm an phlean nua do chóras tithíochta an stáit ná: *Ba chóir gach éinne sa Stát a bheith in ann teacht ar bhaile idir cheannach nó ar cíos ar phraghas réasúnta, áras ardchaighdeán san áit cheart a thabharfadh ardchaighdeán beatha.*

Tugann **Tithíocht do Chách** ceithre chonair chun na príomhchuspóirí úd a bhaint amach:

- Tacú le hÚinéireacht an Tí agus le hAcmhainn na nDaoine
- Fáil réidh le hEaspa Baile, Cur le Tithíocht Shóisialta a Sholáthar agus tacú le hImeascadh Sóisialta
- Cur le Soláthar Tithe Nua
- Plé le Tithe Folmha agus Úsáid Éifeachtach an Stoc atá ann

Faoi gach aon chonair tá liosta gnímh, beidh gá dá réir le headráin agus san áireamh beidh Athrú Reachtúil ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.


Agus an Dréachtphlean seo á fhoilsiú le déanaí fógraíodh cuspóirí agus gnímh **Tithíocht do Chách** is déanfar scagadh orthusan go mórmhór trí threoracha Alt 28 a fhoilsiú maraon le treoracha agus forálacha eile rialachais. Tacaíonn an Plean Forbartha leis na cuspóirí úd sa Phlean **Tithíocht do Chách** a fheidhmiú.

7.2 An Straitéis Tithíochta agus Measúnú ar Riachtanas agus Éileamh (HNDA)



Housing for All

A new Housing Plan for Ireland





Dualgas riachtanach is ea Straitéis Tithíochta a ullmhú faoi Chuid V den Acht (Leasú) Pleanáil agus Forbairt. Déantar é sin chun gá tithíochta mhuintir Chiarraí anois agus sa todhchaí a mheas go ceann tréimhse an Phlean. Anuas air sin, d'aithin an NPF go raibh gá freisin, i gcomhar leis an Straitéis Tithíochta, le Measúnú ar Riachtanas agus Éileamh (HNDA). Cabhraíonn sé sin le hÚdaráis Áitiúla pictiúr fadtéarmach straitéiseach a fháil ar an ngá tithíochta ar fud na sealbhaíochtaí ar fad idir shóisialta, inacmhainne agus speisialtacht. Bíonn sé mar aidhm bonn láidir fianaise a thabhairt chun tacú le cinntí faoi sholáthar tithe, breis infheistíochta agus seirbhísí tithíochta a thugann próifíl den staid tithíochta ar an mórgóir.

Mar a míníodh i gCaibidil 6 polasaí lárnach ón bPlean Forbartha Chontae is ea pobail imharthana a fhorbairt agus bíonn gá dá réir sin le méadú ar an soláthar tithíochta. Bíonn gá freisin le níos mó roghanna tithíochta chun freastal ar na déimeagrafaic ar fud an Chontae mar a ndéantar anailís orthu ag an HNDA. Trí rogha maith tithíochta a sholáthar, féadfaidh áitritheoirí fanúint mar a bhfuil acu sa phobal áitiúil agus beidh cóiríocht fós ar fáil do theaghlaigh nua.

Bíonn an Straitéis Tithíochta agus an próiseas HNDA ag cur leis an Straitéis Lárnach maidir le fianaise cainníochtúil faoi straitéis forbartha spásúil ceantar feidhme an Údaráis Áitiúla. Ar an gcuma san, léirítear go mbíonn an dréachtphlean agus a chuid cuspóirí ag teacht go comhsheasmhach le cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha.

Ullmhaíodh Dréachtstraitéis tithíochta agus Dréacht HNDA do Chiarraí agus é sin leagtha amach i gCaibidil 6. Tugtar anailís sonraíthe ar phróifíl tithíochta Chiarraí is é sin mar bhonn faoin éileamh tithíochta agus soláthar tithíocht shóisialta go ginearálta. Tabharfaidh forálacha na Dréachtstraitéise treoir d'fhorbairtí nua cónaithe maidir leis an saghas tithíochta a bheadh ag teastáil go ceann tréimhse an Dréachtphlean.

Díríonn an Dréachtstraitéis Tithíochta agus Dréacht HNDA ar sholáthar tithíochta do phobal Chiarraí anois agus sa todhchaí agus tógtar ceann go speisialta de:

- An gá tithíochta anois agus sa todhchaí ar son tacú le soláthar tithíocht shóisialta agus tithíocht do na teaghlaigh a bhíonn i dteideal a leithéid anois agus sa todhchaí
- An gá le tithíocht a bheith ar fáil dóibh siúd a ga mbíonn leibhéil difriúla ioncaim
- An gá a bhíonn lena chinntiú go bhforbraítear saghsanna agus méid na dtithe chun a bheith oiriúnach do na catagóirí éagsúla teaghlaigh, mar a bheadh leagtha amach ag an Údarás Pleanála agus go gcuirtear san áireamh na riachtanais speisialta a bheadh ag daoine áirithe mar lucht scothaosta nó iad siúd a bhíonn faoi bhac
- An gá a bhíonn le scaradh a sheachaint san tithíocht idir daoine a thagann ó chúlraí éagsúla sóisialta
- Meascán oiriúnach a sholáthar sna forbairtí tithíochta ar fad ionas go mbeidh réimse saghsanna difriúla tithe agus tionóntachtaí ar fáil.

7.3 Polasaithe Tithíochta

Tagann an Plean Forbartha Chontae ar an iomlán leis an bpolasaí atá laistigh de **Tithíocht do Chách** agus na polasaithe a mhínítear i gCaibidil 6 chun pobail beomhara inmharthana a chruthú. Is é sin go mbeadh teacht ag cách sa Chontae ar thigh le ceannach nó a fháil ar cíos ar phraghas réasúnta, agus ar chaighdeán ard tógála ar an láthair atá uathu, é sin go léir ag tairiscint córas beatha ardchaighdeáin do chách.

Baineann an polasaí seo le cách beag beann ar aois, cumas, cúlra sóisialta nó eitneach. Go háirithe tugann an Straitéis Tithíochta aire do dhaoine scothaosta ag a bhfuil míchumas fisiceach nó intleachtúil. Aithníonn an Straitéis Tithíochta go gcaithfear freagairt do riachtanais daoine gan dídean chomh maith le cóiríocht oiriúnach a sholáthar don Phobal Lucht Siúil agus grúpaí mionlacha.

Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae Chiarraí:



- Tacú leis na conair a aithníodh i **Tithíocht do Chách** lena chinntiú go mbeidh teacht ag gach éinne sa chontae ar thigh le ceannach nó a fhail ar cíos, ar chaighdeán ard tógála ar an láthair atá uathu, é sin go léir ag tairiscint córas beatha ardchaighdeáin do chách
- Pobail a ghríosadh lena bheith inmharthana tarraingteach in úsáid mheasctha mar a mbeidh éagsúlacht saghsanna tithe agus tionóntachtaí, díreofar ar áiseanna tacaíochta pobail, an ríocht phoiblí agus áiseanna cónaithe
- Éileofar ardchaighdeán deartha sna scéimeanna nua cónaithe ar fad is caithfidh stíl agus scála a bheith ag teacht leis an dtírdhreach/timpeallacht uirbeach
- Tithíocht nua a bhreith isteach go hiomlán i ndéantús sóisialta agus uirbeach lonnaíochtaí an Chontae
- Aitheantas a thabhairt don ghá ag lucht míchumais atmaisféar ceart agus cóir a bheith thart orthu sa Chontae agus don bhfíric go gcaithfear ina theannta san tacú le pobail éagsúla áitiúla, údaráis sláinte agus áisínreachtaí eile a bhaineann le háiseanna do lucht míchumais
- Tacú le coincheap mar bheatha neamhspleách do dhaoine scothaosta agus a chinntiú más féidir go mbeirtear isteach an tithíocht dóibh siúd in éineacht leis an bpríomhshruth sna pobail atá thart orthu
- Cóiríocht chuí a sholáthar don Lucht Siúil, grúpaí mionlacha eitneacha, inimircigh agus daoine gan dídean.
- A chinntiú go ndéantar tithe nua ar bhonn feilteach solúbtha maidir le hathrú ar ghá don tionónta agus go dtógtar ceann den phlean ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 'Tithíocht Ardchaighdeáin do Phobail Inmharthana – Treoracha Deachleachtas do Thithe agus Pobail Inmharthana a Sholáthar (2007)
- Tacú le forbairt leanúnach ar fhorbairtí cónaithe nuair a bhíonn an chéad láthair a roghnaítear laistigh de cheantar faoi fhoirgnimh i mbaile nó sráidbhaile, san am gcéanna níor mhór leas a bhaint as talamh athfhorbraíochta nó inlíonta i lár baile nó sráidbhaile
- Comhairleoireacht a éascú le Cumainn Tithíochta Deonach agus Comhoibrithe ar bhonn leanúnach chun deiseanna a aithint is a réiteach maidir leis an bpáirt a bheadh acu siúd i roghanna tithíocht shóisialta a sholáthar
- Bailiú uisce báistí agus éifeacht fuinnimh a cur chun cinn le linn tógála agus go ceann tréimhse forbairt chónaithe trí dhearadh tuisceanach, leagan amach, dinnseanchas, treo agus gnéithe thart timpeall

Beidh an Chomhairle fábharach maidir le tithíocht phoiblí (san áireamh tá sóisialta agus praghas réasúnta) trí thús áite a thabhairt do shuímh mar a bhfuil mianach do thithíocht phoiblí (san áireamh tá sóisialta agus praghas réasúnta).



Polasaí Tithíochta

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

- KCDP 7-1** Plean Gníomh Soláthar Tithíochta a ullmhú de réir **Tithíocht do Chách** agus na moltaí laistigh de sin a fheidhmiú chun leibhéal chúí tithíochta idir shóisialta agus réasúnta a chinntiú, san áireamh beidh réimse saghsanna tithíochta don lucht siúil, daoine gan dídean, lucht míchumais agus grúpaí mionlacha eitneacha
- KCDP 7-2** Na polasaithe atá i **Tithíocht do Chách** a fheidhmiú maidir le cur le soláthar Tithíocht Shóisialta sa Chontae
- KCDP 7-3** Leas a bhaint as an gcoincheap páirtíochtaí Poiblí Príobháideach (PPPS) chun tithíocht shóisialta a sholáthar
- KCDP 7-4** Talamh a aimsiú chun clár tithíochta a thógáil inmharthana, bunaithe ar bhainc talún atá cheana féin ann, thiocfadh leibhéal na tithíochta sóisialta faoi **Tithíocht do Chách** agus Plean Gníomh Soláthar Tithíochta de chuid Chomhairle Contae Chiarraí
- KCDP 7-5** Leas a bhaint as na scéimeanna atá i **Tithíocht do Chách** chun tithíocht inacmhainne a sholáthar sa Chontae de réir éileamh aitheanta
- KCDP 7-6** An gá tithíochta ag daoine sna pobail áitiúla a éascú trí sholáthar / cúnadh do thithe i lonnaithe mar a aithnítear sa Straitéis Lonnaithe agus an Straitéis Tithíochta
- KCDP 7-7** A chinntiú go ndeintear socruithe um Thithíocht Shóisialta a sholáthar agus go mbaintear leas as an Straitéis reatha Tithíochta de réir Alt V den Acht (Leasú) Pleanáil & Forbairt 2000
- KCDP 7-8** Aird a thabhairt ar bhreis dlús tithe cónaithe sna bailte agus láithreacha eile cuí de réir na bpolasaithe NPF, RSES, **Tithíocht do Chách** agus na Treoracha 'Forbairt Inmharthana Cónaithe i gCeantair Uirbeacha' 2009 (DoEHLG)
- KCDP 7-9** Iomlánú tithíocht shóisialta a chur chun cinn agus meascán a chinntiú laistigh d'fhorbairtí chun sochaí cothrom agus imeasctha a spreagadh
- KCDP 7-10** A chinntiú go gcríochnaítear forbairtí tithíochta ar chaighdeán a thagann le Polasaí Glacadh mar Chúram Chontae Contae Chiarraí d'Fhorbairtí Tithíochta Phríobháideacha
- KCDP 7-11** Tacú le tithíocht speisialtacha a fhorbairt, san áireamh an coincheap don bheatha neamhspleách do dhaoine scothaosta nó faoi mhíchumas. A chinntiú nuair is féidir go mbíonn a leithéid de thithíocht imeasctha istigh leis an bpríomhshruith tithíochta

7.4 Daoine gan Dídean

Prionsabal lárnach i **Tithíocht do Chách** is ea deireadh a chur le daoine gan dídean. Aithnítear go bhfuil tithe shóisialta mar ar fáil agus an soláthar úd, maraon le bailte ina bhfuil seomra leapan amháin, mar ghné lárnach den déileáil le heaspa dídean dóibh siúd a chaitheann an oíche ar thaobh na sráide.

Cur chuige a bhaineann le tithíocht is ea Tithíocht ar dTús a ligeann do dhaoine a chodlaíonn amuigh nó a bhíonn i gcóiríocht phráinneach go fadtéarmach, nó iad siúd a mbíonn riachtanais chasta acu, cóiríocht bhuan seasmhach a fháil agus tacaíocht go tréan acu chun go bhfana siad sa tionóntacht. Dearadh an Plean



Feidhmiú Náisiúnta Tithíochta 2018-2021 chun an freagra seo a fháil agus tá spriocanna tionóntachta ann do gach Údarás Áitiúil. Foilseofar Plean Feidhmiú Náisiúnta roimis deireadh na bliana agus tacóidh Comhairle Contae Chiarraí le soláthar na spriocanna atá laistigh den Phlean.

Gan Dídean

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

KCDP 7-12 Chun tacú le straitéis do dhaoine gan dídean sa chontae atá á forbairt faoi láthair, chomh maith le Saothrú le háisínteachtaí cuí i dtreo cuspóirí **Tithíocht do Chách** a chur i gcrích agus deireadh a chur le heaspa dídean faoin mbliain 2030, san áireamh beidh an DHLGH, HSE, Tusla agus an Coiste Náisiúnta um Ghníomhú gan Dídean (nuair a bhunófar é)

7.5 Lucht Míchumais

Faoin bprionsabal treorach **Tithíocht do Chách** agus i dteannta straitéisí áitiúla tithíochta do lucht míchumais, saothróidh Comhairle Contae Chiarraí chun tithe deartha mar is cuí agus go speisialta do lucht míchumais, de réir prionsabail agus fíis dearadh uilíoch. I bPlean Gníomh Soláthar Tithíochta Chiarraí míneofar soláthar tithe sóisialta ón gComhairle do lucht míchumais, de réir scála agus fairsinge an gá aitheanta tithíochta. Tógfar ceann freisin de réamhfhaisnéis in Athbhreithniú ar Acmhainn Mhíchumas ón Roinn Sláinte Iúil 2021.

Níor mhór don Chomhairle freisin smaoinemh ar riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas sa phróiseas leathan pleanála. Sa Chreat nua HNDA a luaitear anso thuas, luaitear go speisialta gá tithíochta dóibh siúd atá ar mhíchumas. Cinntíonn an fhaisnéis faighte trín HNDA i Straitéis Tithíochta Chomhairle Contae Chiarraí go ndéantar dianmhachnamh ar dhéileáil le gá tithíochta do lucht míchumais. (Tá comhthéacs leathan polasaí ar Phobail Imharthana i gChaibidil 6).

Lucht Míchumais

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

KCDP 7-13 A leagan amach sa Phlean Gnímh um Sholáthar Tithíochta Chiarraí conas mar a dhéanfar soláthar tiomanta sóisialta do lucht míchumais de réir gá an phobail, is é sin a bheith oiriúnach do scála agus réimse an ghá tithíochta dóibh siúd a aithnítear a bheith faoi mhíchumas.

KCDP 7-14 Plé le riachtanais tithíochta lucht míchumais trín gCreat Measúnú ar Ghá agus Éileamh Tithíochta atá san Straitéis Tithíochta.

7.6 Roghanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Tá pobal Chiarraí ag dul in aois agus is é is dóichí ná go méadófar an líon daoine os cionn 80 faoi cheathair faoin mbliain 2040. Dá réir sin, dealraíonn sé go mbeidh riachtanais bhreise sláinte ag cur isteach orthu is go mbeidh éileamh ar sheirbhísí is áiseanna chun an cúram cuí a chur ar fáil. I gCaibidil 6 (Pobail Inmharthana) smaoinítear ar luaitear réimse leathan polasaí do Phobail Aoischaírdiúla agus na polasaithe atá i Straitéis Aoischaírdiúil Chontae Chiarraí 2018-2022. Ag seo thíos pléitear gá tithíochta an earnáil seo atá againn agus díritear ar na polasaithe atá laistigh de **Tithíocht do Chách**.

Bíonn riachtanais tithíochta áirithe ag daoine atá ag dul in aois maidir le rochtain, cúram leighis, slándáil agus sábhailteacht phearsanta. Anuas ar an gcoincheap Dearadh Uilíoch bíonn láthair an tí ríthábhachtach go speisialta dóibh siúd a chónaíonn leo féin is a bhraitheann ar iompar poiblí agus seirbhísí áitiúla. Ba chóir



tithe agus áiseanna eile a bheith gar do shiopaí áisiúla, áiseanna pobail agus nóid iompair phoiblí. Níor mhór a bheith gar dona leithéid d'áiseanna chun a bheith gníomhach agus sláintúil. Tá sé mar pholasaí ag KCC tacú le daoine scothaosta maireachtaint le dignit agus neamhspleáchas chomh fada agus is féidir. Níor mhór smaoineamh ar áitribh aon stór i bhforbairtí móra cónaithe ionas go bhféadfaidís aistriú go tigh beag dá mba mhaith leo agus bheadh breis tithe ar fáil dá réir sin do theaghlaigh óga. Tacaímid freisin le tithe atá cheana féin ann a mhaolú chun freagairt do riachtanais daoine scothaosta.

Ag teacht leis an méid sin ar fad is léir go bhfuil gá le forbairtí inlíonta agus athfhorbraíochta ar aradchaighdeán is iad gar do sheirbhísí is áiseanna. Ba chóir tacaíocht a bheith acu trí dhearadh uilíoch agus áiseanna feabhsaithe uirbeacha, spás poiblí agus páirceanna maraon le slite siúlóide díreach agus inrochtana.

Roghanna Daoine Scothaosta

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

- KCDP 7-15** A leagan amach sa Phlean Soláthar Tithíochta Chiarraí conas mar a sheachadfar tithíocht shóisialta a bheidh oiriúnach dóibh siúd atá ag dul in aois, is é sin in oiriúint do scála agus réimse an gá tithíochta do na daoine críonna a aithnítear.
- KCDP 7-16** Forbairt tithíochta do dhaoine scothaosta a éascú de réir **Tithíocht do Chách** ar fud bailte is sráidbhailte Chiarraí chomh maith le ceantair thuaithe mar is cuí chun an caighdeán maireachtála a fheabhsú dóibh siúd atá ag dul anonn sna blianta. Caithfidh gach aon fhorbairt nua tithíochta a bheith ag teacht go hiomlán leis na spriocanna polasaí náisiúnta mar a liostáiltear faoi *Roghanna Tithíochta don bPobal Scothaosta: Ráiteas Polasaí* nó aon treoir nó polasaí náisiúnta ina dhiaidh sin eisithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
- KCDP 7-17** Soláthar forbairtí cónaithe tacaithe/cabhraithe go pointe áirithe ar láithreachta oiriúnacha i lonnaíochtaí gar d'áiseanna is seirbhísí
- KCDP 7-18** Cóiríocht chúil ar láithreacha oiriúnacha a sholáthar is a éascú chun freagairt do riachtanais daoine scothaosta agus chun réimse roghanna inmharthana a bhunú do dhaoine scothaosta ar láithreacha lárna, caothúla agus inrochtana, agus a leithéid de chóiríocht a bhreith isteach le tithíocht phríomhshrutha nuair is féidir
- KCDP 7-19** A chinntiú go mbíonn cóiríocht do dhuine atá ag brath ar dhuine éigin muinteartha a bheith istigh leis an dtigh bunúsach atá cheana féin ann, gur féidir an tigh sin a cheangal isteach sa tigh bunúsach is é faoi réir an phríomhthigh mar láthair cónaithe

7.7 An Pobal Lucht Siúil i gCiarraí

Aithnítear an Lucht Siúil mar mhionlach eitneach. Ghlac an Chomhairle le Plean Cóiríocht don Lucht Siúil de réir an phróisis ordaithe.

Is iad ag obair le Pobal an Lucht Siúil leanfaidh an Chomhairle de bheith ag plé le riachtanais speisialta na mball den Lucht Siúil, cinnteofar go bpléitear le spriocanna soláthair de réir gá agus go mbeirtear an méid sin go léir isteach sna straitéisí tithíochta agus cóiríochta.



Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí na riachtanais chinnte a bhaineann le cóiríocht agus áiseanna eile a sholáthar don Lucht Siúil, na ceisteanna sóisialta-eacnamaíoch a bhíonn i gceist acu agus an nasc a bhaineann le cóiríocht chuí, fostaíocht, sláinte agus oideachas.

An Pobal Lucht Siúil i gCiarraí

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

KCDP 7-20 Tacú le soláthar tithíochta a bheidh oiriúnach do riachtanais an Lucht Siúil agus an Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024 a fheidhmiú

7.8 Imeascadh sa Phobal do na Dídeanaithe

Bhí ról lárnach rathúil ag na hÚdaráis Áitiúla sa chéad bhabhta de Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe, tugadh dídean do 2,871 duine (571 clann) thar 23 chontae. Bíonn dualgais ar Údaráis Áitiúla scaipeadh spásúil náisiúnta a aontú chun cóiríocht a chur ar na 2,900 dídeanaí faoin gClár um Chosaint Dídeanaithe 2020-2023, lorgaítear agus socraítear an chóiríocht agus tacaítear leis na dídeanaithe agus a gclann maidir le socrú isteach sna pobail áitiúla. Oibreoidh Comhairle Contae Chiarraí leis na háisínteachtaí cuí chun an straitéis a chur i gcrích agus aithneofar na riachtanais a bheidh ag daoine aonair, teaghlaigh agus na pobail a ghlacann leo.

Imeascadh do na Dídeanaithe

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

KCDP 7-21 Tacú le cuspóirí Tithíocht do Chách a chur i gcrích maidir le tithíocht is tacaíochtaí a sholáthar agus imeascadh sa phobal a éascú do na Dídeanaithe i dteannta áisínteachtaí idir áitiúla agus náisiúnta

7.9 Talamh ar fáil don bhForbairt Chónaithe

Faoi **Tithíocht do Chách**, beireann an Rialtas liosta bearta chun tosaigh chun plé le fáil talún don bhforbairt chónaithe, san áireamh beidh beartas suntasach nua chun Luach Talún a Roinnt a bhaint amach agus Áisínteacht láidir Forbartha Talún. Beidh talamh poiblí ar fáil ar son tithíocht chónaithe. Méadófar ar na suímh a bheidh ar fáil don LDA chun tithe a thógaint agus leanfar den mhaoiniú a fhaigheann Údaráis Áitiúla don tithíocht shóisialta. Athrófar nuair is gá an córas pleanála chun go mbeidh an próiseas forbartha chomh sruthlíneach agus is féidir.

Córas eile a chuimsítear i **Tithíocht do Chách** is ea coincheap an Zón Forbairt Uirbeach (UDZ). Tógann an córas UDZ coincheap an Zón Forbairt Straitéiseach (SDZ) agus leathnaítear é chun plé le forbairt agus athghiniúint ar cheantair uirbeacha mar a mbíonn mianach suntasach tithíochta. Beidh ainmniú UDZ oiriúnach do cheantair mhóra in úinéireacht aonair nó iolrach a d'fhéadfadh tailte poiblí agus/nó príobháideach a chuimsiú maraon le forbraíocht a bhaineann le hiompar.

Tacóidh Comhairle Contae Chiarraí leis na bearta nua úd a fheidhmiú de réir mar a bhaineann siad le tailte tithíochta a sholáthar sa Chontae. (Caibidil 4 Bailte & Sráidbhailte Mír 4.4 Bainistiú Gníomhach Talún).

Méadú ar Thalamh ar fáil don bhForbairt Chónaithe :

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

KCDP 7-22 Tacú le feidhmiú an chuspóir Tithíocht do Chách trí bhainistiú gníomhach talún, córais roinnte Luach Talún agus na polasaithe nua Zón Forbairt Uirbeach de réir mar a thagann siad chun cinn le linn tréimhse an Phlean Forbartha Contae.



7.10 Plé le Tithe Folmha

Phléigh **Tithíocht do Chách** le tithe folmha agus úsáid éifeachtach trí líon áirithe cuspóirí straitéiseacha, tosaíochtaí, deontais nua agus deiseanna maoinithe. Dírítear na Cistí Athghiniúint, Forbairt Uirbeach agus Tuaithe ar áitribh fholmha a úsáid. Tacaíonn an polasaí náisiúnta freisin leis an gcéad tionscadal Lár Baile a iarrann ar pholasaithe a athlíniú agus teacht ar acmhainní a bhíonn ar fáil do lár bailte, san áireamh bheadh sealbhú cónaithe i mbailte agus sráidbhailte tuaithe.

Sa Phlean Tithíochta freisin moltar cláir nua do CPO áitribh fholmha lena hathdhíol ar an margadh oscailte agus freisin soláthar suímh ag a bhfuil seirbhísí cheana féin don tithíocht á gcur i bhfeidhm ag na húdaráis áitiúla. Mheallfaí daoine chun a dtigh féin a thógaint agus chun tacú le hathchóiriú ar áitribh fholmha go háirithe i mbailte beaga agus sráidbhailte (Ciste Croí Cónaithe). Clúdaítear freisin polasaithe maidir le heastáit tithíochta nár críochnaíodh, úsáid foirgintí oidhreachta, ceisteanna maidir le cíos sa ghearrthearma agus an tionchar a bheadh orthu siúd maidir le teacht ar thithíocht buan seasmhach.

Plé le Tithe Folmha

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:

KCDP 7-23	Tacú le feidhmiú cuspóirí Tithíocht do Chách maidir le tithíocht trí pholasaithe atá ann cheana féin agus atá ag teacht chun cinn .
KCDP 7-24	Leanúint de leas a bhaint as na Cistí Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus Uirbeach chun úsáid áitribh fholmha i mbailte i gCiarraí a spreagadh
KCDP 7-25	Saothrú le páirtithe cuí leasmhara chun ceisteanna laistigh d'éastáit nár críochnaíodh a réiteach le súil go laghdófaí an leibhéal folús.
KCDP 7-26	Tacú le feidhmiú cuspóirí Tithíocht do Chách chun úsáid éifeachtach a bhaint as stoc tithíochta atá cheana féin ann, trí mholtaí a mhínítear mar shampla cláir chothabhála pleanáilte, tacaíocht d'fhoirgintí oidhreachta mar thithe cónaithe nuair is cuí, díriú ar áitribh fholmha nó foirgintí nach mbaintear puinn úsáid astu maraon leis an scéim deisiú agus léas.